

Imdhíonadh do leanaí

faoi bhliain d'aois

Réamhrá

Is le haghaidh tuismitheoirí a bhfuil leanaí acu atá faoi bhliain d'aois an treoirleabhar seo. Tugtar eolas ann mar gheall ar na gnáthimdhíontaí a thugtar do leanaí chun iad a chosaint ar ghalair thromchúiseacha sa luath-óige. Déantar cur síos ann chomh maith ar na galair sin agus mínítear cén fáth gur gá páistí a chosaint orthu.

Déantar athbhreithniú rialta ar an gclár imdhíonta lena chinntiú go gcosnaítear páistí sa tslí is éifeachtaí agus is féidir ar ghalair inchoiscthe. Tá eolas sa bhileog seo maidir le cathain ar chóir imdhíontaí a thabhairt do leanaí thart ar an gcéad bhliain d'aois acu, rud ar athraíodh le déanaí. Tugtar na himdhíontaí sin ag an am céanna anois chun an próiseas a shimpliú.

“Is iad uisce glan agus vacsaíní an dá ionchur is mó tionchair ar shláinte an domhain.” An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte

Cad is imdhíonadh ann?

Is éard is imdhíonadh ann ná an tslí is fearr agus is sábháilte lena chinntiú nach n-éiríonn do leanbh tinn de bharr galar tógálach éagsúil. Tugtar instealltaí, ar a dtugtar vacsaíní, do leanaí, a thugann spreagadh don chorp antashubstaintí a tháirgeadh. Is éard is antashubstaintí ann ná córas cosanta nádúrtha an choirp a throideann in aghaidh galar tógálach. Cabhraíonn an t-imdhíonadh leis an gcorp a choinneáil réidh chun troid in aghaidh an ionfhabhtaithe má thagann an páiste i dteagmháil leis an ngalar.

Cén fáth a bhfuil an t-imdhíonadh de dhíth orainn?

Faigheann breis is 14 mhilliún duine bás ar fud an domhain gach bliain de bharr galar tógálach. Is annamh ar fad a mbíonn cásanna de na galair sin i dTuaisceart Éireann anois agus seans nár chuala tú mórán mar gheall orthu. Is é an fáth bhfuil siad chomh neamh-choitianta anois ná go bhfuil an-ghlacadh le vacsaíní anseo agus go bhfuil na vacsaíní féin thar a bheith éifeachtach mar chosc ar na galair. Is galair choitianta fós iad, áfach, in áiteanna eile ar domhan agus, toisc an méadú a tháinig ar thaisteal go dtí tíortha iasachta, d'fhéadfaí iad a thabhairt ar ais go dtí Tuaisceart Éireann agus d'fhéadfadh leo cur isteach ar na páistí nach bhfuair vacsaín.

Tá sé tábhachtach nach ndéanaimid dearmad ar a thromchúisí agus a d'fhéadfadh na galair seo a bheith. Leanaí óga is mó atá i mbaol ó na hionfhabhtuithe sin, agus sin é an fáth gur gá iad a chosaint chomh luath agus is féidir. Ní mór roinnt instealltaí a bheith ag do leanbh chun é/í a chosaint go hiomlán agus, mar sin, tá sé tábhachtach go mbíonn siad uile aige/aici. Mura bhfaigheann do leanbh aon cheann de na hinstealltaí sin, is féidir an t-instealladh a fháil ina dhiaidh sin, fiú má tá

tréimhse mhór ama imithe thart. Níl le déanamh agat ach iarraidh ar do dhochtúir ginearálta nó ar d'altra ceantair an dáileog nach bhfuair do leanbh a thabhairt dó/di. Ní gá do do leanbh tosú ag tús an chúrsa athuair.

Tá roinnt galar ann a d'fhéadfadh tionchar níos measa a bheith acu ar pháistí atá níos sine - mar sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go dtugtar teanndáileoga dóibh. Má tá ceisteanna ar bith agat maidir le himdhíonadh, labhair le do dhochtúir ginearálta, le d'altra cleachtaidh nó le d'altra ceantair, nó tabhair cuairt ar www.publichealth.hscni.net nó www.nhs.uk/planners/vaccinations

Vacsainí do leanaí

An vacsaín DTaP/IPV/Hib

Déanann an vacsaín seo daoine a chosaint ar dhiftéire (D), ar theiteanas (T), ar thriuch (P), ar pholaimiailíteas (Vacsaín Polaimiailítis Dhíghníomhaithe - IPV) agus ar Haemophilus influenzae cineál b (Hib). Tugtar cuid an pholaimiailítis san instealladh céanna anois agus ní sa bhéal.

Ba chóir do do leanbh an vacsaín DTaP/IPV/Hib a fháil ag dhá mhí, ag trí mhí agus ag ceithre mhí d'aois.

Tabharfar teanndáileog Hib (in éineacht leis an MenC) do do pháiste díreach tar éis bliain amháin a bheith slánaithe aige/aici agus tabharfar teanndáileog dó/di i gcoinne diftéire, teiteanais, treacha agus polaimiailítis sula dtosóidh sé/sí an scoil. Gheobhaidh sé/sí teanndáileog eile i gcoinne teiteanais, diftéire agus polaimiailítis idir 14 bliana d'aois agus 18 mbliana d'aois.

Cé chomh héifeachtach is atá an vacsaín DTaP/IPV/Hib?

I staidéir taispeántar go bhfuil an vacsaín DTaP/IPV/Hib an-éifeachtach maidir le do leanbh a chosaint ar na cúig ghalar tromchúiseacha seo. Ach beidh gá leis na teanndáileoga atá leagtha amach thuas, áfach, chun cur leis an gcosaint seo mar a fhásann do pháiste aníos.

Cad iad na galair a thabharfaidh an vacsaín DTaP/IPV/Hib cosaint orthu?

Diftéire

Is galar tromchúiseach í an diftéire ar féidir léi fadhbanna análaithe a chruthú gan mhoill. Is féidir léi damáiste a dhéanamh don chroí agus don néarchóras agus, i gcásanna tromchúiseacha, is féidir léi bheith marfach. Sular tugadh isteach an vacsaín diftéire, bhí suas le 1,500 cás diftéire i dTuaisceart Éireann in aghaidh na bliana.

Teiteanas

Is galar pianmhar é an teiteanas a théann i bhfeidhm ar na matáin agus is féidir leis fadhbanna análaithe a chruthú. Téann sé i bhfeidhm ar an néarchóras agus is féidir leis bheith marfach. Tarlaíonn teiteanas nuair a théann frídíní a fhaightear san ithir agus san aoileach isteach sa chorp trí ghearrthacha oscailte nó dónna. Ní féidir é a thabhairt do dhuine eile ach bíonn sé ann i gcónaí san ithir, fiú amháin sa tír seo.

Triuch

Is galar é an triuch ar féidir babhtáí fada casachta agus tachta a bheith mar thoradh air, rud a chiallaíonn go mbíonn sé deacair anáil. Is féidir leis leanúint ar aghaidh ar feadh suas le 10 seachtain. Is féidir leis a bheith an-tromchúiseach do pháistí óga agus is féidir leis leanaí faoi bhliain d'aois a mharú fiú amháin. Sular tugadh isteach an vacsaín treacha, tuairiscíodh suas le 3,500 cás de thríuch i dTuaisceart Éireann in aghaidh na bliana.

Polaimiaillíteas

Is víreas é an polaimiaillíteas a dhéanann ionsaí ar an néarchóras agus is féidir leis pairilis a chur ar na matáin. Má théann sé i bhfeidhm ar mhatáin an chliabhraigh nó ar an inchinn, is féidir le polaimiaillíteas an duine a mharú. Sular tugadh isteach an vacsaín polaimiaillítis, bhí suas le 1,500 cás de pholaimiaillíteas pairiliseach i dTuaisceart Éireann in aghaidh na bliana.

Hib

Is ionfhabhtú é Hib ar féidir le roinnt tinneas tromchúiseach a bheith mar thoradh air, mar nimhiú fola, niúmóine agus mheiningíteas. Is féidir bás a fháil mar gheall ar na tinnis sin go léir mura gcuirtear cóireáil leighis ar fáil gan mhoill. Ní dhéanann an vacsaín Hib do leanbh a chosaint ach ar chineál amháin meiningítis (Hib). Ní thugann an vacsaín cosaint ar aon chineál eile meiningítis.

Fo-iarmhairtí na vacsaíne DTaP/IPV/Hib

Ní bheidh fo-iarmhairtí ar bith aici ar fhormhór na leanaí, ach bíonn na leanaí uile éagsúil óna chéile. Is féidir le roinnt de na fo-iarmhairtí seo a leanas a bheith ag baint leis an vacsaín, agus bíonn siad éadrom de ghnáth:

- greannaitheacht suas go 48 uair tar éis don instealladh a fháil;
- fiabhras éadrom (féach ar an alt thíos Cad a tharlaíonn má thagann teocht ard ar mo leanbh tar éis an imdhíonta?);
- cnap beag ag láthair an insteallta. Tá seans ann go mairfidh sé seo ar feadh roinnt seachtainí agus imeoidh sé go mall.

Má cheapann tú go raibh frithghníomhú ar bith eile ag do leanbh de bharr na vacsaíne DTaP/IPV/Hib agus má tá tú buartha mar gheall air, labhair le do dhochtúir ginearálta, le d'altra cleachtaidh nó le d'altra ceantair.

Is féidir le tuismitheoirí agus le cúramóirí tuairisc a thabhairt ar fho-iarmhairtí amhrasta a bhaineann le vacsaíní agus le cógais trí Scéim an Chárta Bhuí. Is féidir é sin a dhéanamh ar líne trí chuairt a thabhairt ar www.yellowcard.gov.uk nó trí ghlaoch a chur ar bheolín an Chárta Bhuí, saorghlao 0808 100 3352 (Luan go hAoine 9.00rn go dtí 5.00in).

Frithghníomhartha ailléirgeacha

Go fíorannamh, is féidir go mbeadh frithghníomhú ailléirgeach ag duine mar gheall ar vacsaín, mar ghríos nó thochas ar cuid den chorp nó ar an gcorp ar fad. Níos annaimhe fós, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh frithghníomhú dian ann laistigh de roinnt nóiméad ón imdhíonadh a fháil, a chruthaíonn deacrachtaí análaithe don pháiste, nó fiú go dtitfeadh sé/sí i laige. Tugtar anaifiolacsas air seo. Léiríodh i

staidéar a rinneadh le déanaí go dtuairiscítear cás amháin d'anaifiolacsas le haghaidh gach leathmhilliúin imdhíonadh a thugtar. Bíodh gur féidir le frithghníomhú ailléirgeach a bheith ina chúis imní, tagann biseach gasta agus iomlán tar éis cóireáil leighis a fháil.

Taomanna

Go fóirannamh, d'fhéadfadh taom teacht ar leanbh lá nó dhó tar éis dó/di an vacsaín DTaP/IPV/Hib a fháil. De ghnáth, tagann sé i dteannta le teocht an-ard (féach an t-alt thíos Conas fiabhras a chóireáil). Má thagann taom ar do leanbh, cuir fios ar do dhochtúir ginearálta ar an bpointe. De ghnáth, tagann biseach iomlán gasta ar leanaí tar éis taoma. Is féidir le taomanna teacht ar leanaí óga am ar bith, mar sin de, níl sé sin le rá go mbeadh baint ag an vacsaín le taom a thagann orthu tar éis an vacsaínithe. Déanfaidh do dhochtúir cinneadh an féidir le do leanbh a thuilleadh dáileog den vacsaín a bheith aige/aici. Má dhéanann tú an t-imdhíonadh a chur siar, is féidir an baol go dtiocfadh taom ar do leanbh, tar éis dó/di DTaP/IPV/Hib a fháil, a mhéadú mar is annaimhe go dtagann taomanna ar leanaí de bharr ard-teochta sa chéad sé mhí den saol. Tá sé tábhachtach mar sin a chinntiú go bhfaigheann do leanbh an vacsaín ag an aois cheart.

An vacsaín níumacocúil (PCV)

Déanann an vacsaín seo daoine a chosaint ar cheann de na cúiseanna is coitianta le meiningíteas, agus ar ríochtaí eile mar ionfhabhtuithe cluaise troma (otitis media) agus níúmóine a bhfuil mar thoradh ar na cineálacha is coitianta de bhaictéir níumacocúla. Is féidir le meiningíteas, ionfhabhtuithe cluaise agus níúmóine a bheith mar thoradh ar chineálacha eile de bhaictéir níumacocúla agus de bhaictéir agus víris eile nach bhfuil chomh coitianta sin. Ní thabharfaidh an vacsaín seo cosaint ar na hionfhabhtuithe eile sin.

Ba chóir do do leanbh an vacsaín PCV a fháil ag dhá mhí d'aois, ag ceithre mhí d'aois agus díreach tar éis bliain amháin a bheith slánaithe aige/aici.

Cad is ionfhabhtú níumacocúil ann?

Is éard is ionfhabhtú níumacocúil ann (a fhuaimnítear mar new-ma-cock-ull) ná ceann de na cúiseanna is coitianta le meiningíteas, ach is cúis freisin é le hionfhabhtuithe cluaise troma (otitis media), le níúmóine agus le tinnis eile.

Fo-iarmhairtí an PCV

Is féidir go dtiocfadh at nó frithireacht ar leanbh amháin nó beirt as gach deichniúir a fhaigheann imdhíonadh ag láthair an insteallta nó is féidir leis an áit sin a bheith dearg nó is féidir le fiabhras éadrom teacht ar an leanbh/na leanaí. Go fóirannamh, is féidir go mbeadh frithghníomhú ailléirgeach ag duine mar gheall ar vacsaín (féach Frithghníomhartha ailléirgeacha thuas).

An vacsaín MenC

Déanann an vacsaín seo daoine a chosaint ar ionfhabhtú meiningeacocúil grúpa C (MenC), ar cineál baictéir é ar féidir leis bheith mar chúis le meiningíteas agus le

seipticéime (nimhiú fola). Ní chosnaíonn an vacsaín MenC ar mheiningíteas a bhfuil baictéir nó víris eile mar chúis leis.

**Ba chóir do do leanbh an t-imdhíonadh MecC a fháil
ag trí mhí agus ag ceithre mhí d'aois.**

Tabharfar teanndháileog MenC do do pháiste (in éineacht leis an Hib) díreach tar éis bliain amháin a bheith slánaithe aige/aici.

Cad is meiningíteas agus seipticéime ann?

Is éard is meiningíteas ann ná athlasadh (at) chlúdach na hinchinne. Is éard is seipticéime ann ná nimhiú fola. Is féidir leis na frídíní céanna a bheith mar chúis le meiningíteas agus le seipticéime. Leanaí agus daoine óga idir 15 bliana d'aois agus 17 mbliana d'aois is mó a bhíonn i mbaol tógála an mheiningítis nó na seipticéime ó mheiningeacócúil grúpa C.

Cé chomh héifeachtach is atá an vacsaín MenC?

Ón am ar tugadh an vacsaín MenC isteach, tháinig laghdú de thart ar 95% ar líon na leanaí faoi bhliain d'aois ar tháinig galar grúpa C orthu. Bíonn lánchosaint ag naonúr as gach deichniúr a luaithe is a thugtar an vacsaín seo dóibh. Tá an meiningíteas agus an tseipticéime araon an-tromchúiseach. Tá sé tábhachtach go n-aithníonn tú na comharthaí agus na hairíonna agus go mbíonn a fhios agat cad é ba chóir duit a dhéanamh má fheiceann tú iad (féach ar an alt thíos Meiningíteas agus seipticéime a aithint).

Fo-iarmhairtí na vacsaíne MenC

Is féidir go dtiocfadh at nó frithireacht ar do leanbh ag láthair an insteallta nó is féidir leis an áit sin a bheith dearg. Éiríodh timpeall is an leathchuid de na leanaí a mbíonn an vacsaín acu greannaitheach, agus is féidir go dtiocfadh fiabhras éadrom ar leanbh amháin as 20. Go fóramnamh, is féidir go mbeadh frithghníomhú ailléirgeach ag duine mar gheall ar vacsaín (féach ar an alt thuas Frithghníomhartha ailléirgeacha).

Na vacsaíní a thugtar do leanaí idir 12 mhí d'aois agus 13 mhí d'aois

Tá eolas le fáil faoi na vacsaíní seo a leanas sa bhileog Imdhíonadh do leanaí díreach tar éis bliain amháin a bheith slánaithe acu. Cuirfear an bhileog seo chugat go gairid sula mbíonn sé in am do do pháiste na vacsaíní a fháil, nó féach ar an suíomh gréasáin www.publichealth.hscni.net nó www.nhs.uk/planners/vaccinations nó ná bíodh leisce ort ceist a chur ar d'altra ceantair.

An vacsaín MMR

Déanann MMR do pháiste a chosaint ar bhrúitíneach, (M), ar leicneach (M) agus ar rubella (R; brúitíneach dhearg).

**Ba chóir do do leanbh an vacsaín MMR a fháil
díreach tar éis bliain amháin a bheith slánaithe aige/aici.**

Gheobhaidh do pháiste an dara dáileog de MMR sula dtosóidh sé/sí an scoil.

An vacsaín niúmacocúil

Tugtar cur síos ar an vacsaín seo thuas, agus caithfidh do pháiste trí dháileog a fháil.

Gheobhaidh do pháiste an dáileog dheireanach den vacsaín niúmacocúil díreach tar éis bliain amháin a bheith slánaithe aige/aici.

An vacsaín Hib/MenC

Caithfidh do pháiste dáileog mheasctha a fháil den vacsaín Hib/MenC chun cur leis an gcosaint atá aige/aici ar ionfhabhtuithe *Haemophilus influenzae* cineál b (Hib) agus meningeacocúla C. Déanann an teanndáileog seo páistí a chosaint go fadtéarmach ar dhá rud is cúis leis an meiningíteas agus an seipticéime.

Ba chóir do do pháiste teanndáileog den vacsaín Hib/MenC a fháil díreach tar éis bliain amháin a bheith slánaithe aige/aici.

Fo-iarmhairtí na teanndáileoige Hib/MenC

Is féidir go dtiocfadh at nó frithireacht ar do leanbh ag láthair an insteallta nó is féidir leis an áit sin a bheith dearg. Éiríodh timpeall is an leathchuid de na leanaí a mbíonn an vacsaín acu greannaitheach, agus is féidir go dtiocfadh fiabhras éadrom ar leanbh amháin as 20. Go fóramnamh, is féidir go mbeadh frithghníomhú ailléirgeach ag duine mar gheall ar vacsaín (féach ar an alt thuas Frithghníomhartha ailléirgeacha).

Ceisteanna coitianta mar gheall ar an imdhíonadh

Cé chomh luath tar éis an vacsaín a fháil ar féidir leis mo leanbh dul ag snámh?

Is féidir le do leanbh dul ag snámh am ar bith, sula bhfaigheann sé/sí a vacsaíní agus ina dhiaidh sin. In ainneoin na gnáththuairime, ní bhíonn aon imdhíonadh de dhíth ag do leanbh sula dtéann sé/sí ag snámh.

An bhfuil slite eile ann chun imdhíonadh a thabhairt do mo leanbh?

Níl aon t-slí ar bith eile ann atá éifeachtach agus cruthaithe chun imdhíonadh a thabhairt do do leanbh. Baineadh triail as an leigheas hoiméapatach mar shlí eile chun cosaint ar thriuch, ach ní oibríonn sé. Molann an Council of the Faculty of Homeopathy (an eagraíocht chláraithe do dhochtúirí a bhfuil cáilíochtaí acu san hoiméapaite) do thuismitheoirí na vacsaíní caighdeánacha a thabhairt dá bpáistí.

An ró-ualaítear córas imdhíonachta an linbh nuair a thugtar vacsaíní éagsúla dó/di ag an am céanna?

Ní ró-ualaítear é. Ón am a shaolaítear leanaí, cosnaíonn a gcórais imdhíonachta iad ar na frídíní a mbíonn timpeall orthu. Gan an chosaint seo, ní bheadh leanaí ábalta an lámh in uachtar a fháil ar na mílte baictéar agus víreas a chumhdaíonn a ggraiceann, a srón, a scornach agus a stéig. Leanann an chosaint seo ar aghaidh ar feadh an tsaoil.

De réir teoirice, is féidir go bhfreagródh leanbh go héifeachtach do thimpeall is 10,000 vacsaín ag an am céanna. Mar sin de, is féidir le córas imdhíonachta linbh

déileáil go héasca leis na vacsaíní a thugtar dó/di mar chuid den ghnáthsceideal imdhíonta, agus déanann sé é sin.

Chuala mé go bhfuil thiomersal (mearcair) sna vacsaíní

Ní úsáidtear thiomersal a thuilleadh sna vacsaíní sa ghnáthchlár imdhíonta do pháistí. Ar feadh 60 bliain baineadh úsáid as mionmhéid mearcair chun cabhrú leis na vacsaíní a chaomhnú. Le linn an ama seo ar fad, ní raibh fianaise ar bith ann go ndearna sé aon díobháil. Ní úsáidtear é a thuilleadh, áfach, mar chuid den aidhm dhomhanda nochtadh an duine do mhearcair ó fhoinsí a fhéadtar a sheachaint a laghdú.

Saolaíodh mo leanbh go luath. Cathain ar cóir do leanaí réamhaibí a chéad imdhíonadh a fháil?

Is féidir go mbeadh leanaí réamhaibí níos mó i mbaol ó ionfhabhtú. Ba chóir dóibh imdhíonadh a fháil, de réir mar a mholtar, ó dhá mhí d'aois ar aghaidh, ar neamhchead don méid ama roimh am ar saolaíodh iad.

An bhfuil cúiseanna ar bith ann nár chóir do mo leanbh imdhíonadh a fháil?

Is beag cúis atá ann nár chóir do leanaí imdhíonadh a fháil. Ba chóir duit d'altra ceantair, do dhochtúir ginearálta nó d'altra cleachtaidh a chur ar an eolas má:

- tá teocht an-ard nó fiabhras ar do leanbh;
- bhain droch-fhrithghníomhú le haon imdhíonadh;
- tá ailléirge throm ag do leanbh d'aon rud;
- tá neamhord fuilithe ar do leanbh;
- thagann trithí nó taomanna ar do leanbh;
- bhí cóireáil leighis le haghaidh ailse ag do leanbh;
- tá aon tinneas ag do leanbh a chuireann isteach ar an gcóras imdhíonachta (m.sh. leicéime, VEID nó SEIF);
- má tá aon chógas á thógáil ag do leanbh a mbíonn tionchar aige ar an gcóras imdhíonachta (m.sh. stéaróidigh ard-dáileoige nó cóireálacha a thugtar tar éis trasphlandú orgáin nó le haghaidh ailsí);
- tá aon tinneas tromchúiseach eile ar do leanbh.

Níl sé sin le rá nach féidir imdhíonadh a thabhairt do do leanbh, ach cabhraíonn sé leis an dochtúir nó leis an altra cinneadh a dhéanamh maidir leis na himdhíontaí is fearr a oireann do do leanbh agus más cóir dóibh aon chomhairle eile a thabhairt duit. Ba chóir imdhíontaí a thabhairt do leanaí ar neamhchead do stair tinnis an teaghlaigh.

Cad a tharlaíonn má thagann teocht ard ar mo leanbh tar éis an imdhíonta?

Ní bhaineann fo-iarmhairtí le vacsaíní de ghnáth, bíonn siad éadrom den chuid is mó agus imíonn siad go gasta. Tá seans ann go dtiocfaidh teocht ard nó fiabhras (os cionn 37.5°C) ar roinnt leanaí. Má mhothaíonn aghaidh do linbh te nuair a chuireann tú do lámh uirthi agus má bhíonn cuma dearg nó lasta air/uirthi, is cosúil go bhfuil fiabhras air/uirthi. Is féidir leat teocht an linbh a sheiceáil ag úsáid teirmiméadair.

Bíonn fiabhrais minic go leor ar leanaí agus ar pháistí. Is minic a mbíonn ionfhabhtú mar chúis leo. Corruair, bíonn fiabhras ina chúis taoma ag leanbh. Is féidir le fiabhras ar bith a bheith mar chúis leis seo, bíodh sé de bharr ionfhabhtú nó na vacsaíne. Mar sin de, tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios agat cad é ba chóir duit a dhéanamh má tá fiabhras ar do leanbh. Ná déan dearmad go bhfuil seans níos mó ann go dtarlaíonn fiabhras de bharr na ngalar ná de bharr na vacsaíní.

Conas fiabhras a chóireáil

1. Coinnigh do leanbh ón iomarca teasa trína chinntiú:

- nach bhfuil an iomarca brat éadaí nó blaincéad air/uirthi;
- nach bhfuil an seomra ró-thé (ní cóir don seomra bheith fuar ach oireadh, ach go deas fionnuar).

2. Tabhair go leor deochanna fuara dó/di.

3. Tabhair paraicéiteamól linbh nó iobúpróifein leachtach dó/di (iarr ar saghas atá saor ó shiúcra). Léigh na treoracha ar an mbuidéal go cúramach agus tabhair an dáileog a oireann dá (h)aois do do leanbh. Seans go mbeidh ort an dara dáileog a thabhairt dó/di ceithre go sé huaire ina dhiaidh sin.

Ná déan dearmad nach cóir aon chógas a bhfuil aspairín ann a thabhairt do pháistí faoi sé bliana déag d'aois.

Cuir fios ar an dochtúir ar an bpointe:

- má tá teocht an-ard (39°C nó níos mó) ar do pháiste;
- má thagann taom air/uirthi.

Má thagann taom ar do pháiste, fág ar a t(h)aobh é/í in áit shábháilte mar tá baol ann go bpreabfaidh nó go ngeitfidh a c(h)orp.

Meiningíteas agus seipticéime a aithint

Déanann an vacsaín MenC, an vacsaín Hib agus an vacsaín níumacocúil daoine a chosaint ar thrí chineál meningítis agus seipticéime (nimhiú fola). Tá cineálacha eile ann nach bhfuil aon vacsaín ann mar chosaint orthu, mar sin de, tá sé tábhachtach go n-aithneofa na comharthaí agus na hairíonna.

Is féidir le meningíteas a bheith ina chúis le hat chlúdach na hinchinne. Is féidir leis na frídíní céanna bheith mar chúis leis an nimhiú fola (seipticéime) chomh maith. Is féidir le leanbh nó páiste a bhfuil meningíteas nó seipticéime air/uirthi éirí an-tinn taobh istigh de roinnt uaireanta. Mura gcuirtear cóireáil leighis air/uirthi, is féidir leis/léi bás a fháil mar gheall ar cheachtar acu. Bíonn na hairíonna tosaigh a bhaineann le meningíteas éadrom agus cosúil leis na cinn a bhaineann leis an slaghdán nó leis an fliú, is é sin go mbíonn ardú teochta ann (37.5°C agus níos airde), bíonn an duine neamhshocair, bíonn sé/sí ag caitheamh amach agus ag

diúltú do bhia. Ba chóir duit bheith ar d'aire, áfach, le haghaidh cuid de na comharthaí is tábhachtaí atá liostaithe thíos.

I leanaí, is féidir go mbeadh na hairíonna seo a leanas i measc phríomhairíonna an **mheiningitis**:

- glór ardairde, ochláin
- greannaitheach nuair a phioctar suas é/í
- tobar baithise (áit bhog ar an gceann) bolgach
- codlatach agus níos lú sofhreagrach - deacair a mhúscailt
- bog agus díbheo nó stócach le gluaiseachtaí preabacha
- ag diúltú bia, ag caitheamh amach
- craiceann geal bán, a bhfuil flioscaí air nó atá ag éirí gorm
- fiabhras
- trithí nó taomanna

agus is féidir go mbeadh na príomhairíonna seo a leanas i measc phríomhairíonna na **seipticéime**:

- análú gasta nó patrúin neamhghnácha análaithe
- craiceann geal bán, a bhfuil flioscaí air nó atá ag éirí gorm
- fiabhras agus lámha agus cosa fuara
- creathán
- ag caitheamh amach, ag diúltú bia
- spotaí dearga nó corcra nach n-imíonn siad nuair a chuirtear brú orthu (déan an tástáil ghloine atá mínithe thíos)
- pian nó greannaitheacht ó phianta matáin nó dianphian géige nó ailt
- bog
- codlatacht dhian

Má bhrúitear gloine go láidir i gcoinne ghríos seipticéimeach, ní imeoidh an gríos. Beidh tú ábalta an gríos a fheiceáil tríd an ghloine. Má tharlaíonn a leithéid, faigh cabhair dochtúra ar an bpointe.

I bpáistí níos sine, ógánaigh agus daoine fásta, is féidir go mbeadh na príomhairíonna seo a leanas i measc phríomhairíonna an **mheiningitis**:

- muineál righin (an féidir leo a b(h)éal a chur lena nglúin nó a nglúin a chur lena gclár éadain.
- tinneas cinn an-dona (ní cúis é seo chun cabhair mhíochaine a fháil más é an t-aon airí)
- ní maith leo soilsí geala
- ag caitheamh amach
- fiabhras
- codlatach, níos lú sofhreagrach nó trína chéile
- gríos
- trithí nó taomanna

agus is féidir go mbeadh na príomhairíonna seo a leanas i measc phríomhairíonna na **seipticéime**:

- codlatacht, níos lú sofhreagrachta, folamh nó trína chéile (comhartha deireanach le seipticéime)
- dianphianta agus cráphianta sna lámha, sna cosa agus sna hailt
- lámha agus cosa an-fhuara
- creathán
- análú gasta
- spotaí dearga nó corcra nach n-imíonn siad nuair a chuirtear brú orthu (déan an tástáil ghloine atá mínithe thuas)
- ag caitheamh amach
- fiabhras
- buinneach agus crampaí boilg

Ta sé tábhachtach a chuimhneamh nach mbeidh na comharthaí seo go léir ag cách. Má éiríonn do leanbh tinn agus aon cheann de na comharthaí tábhachtacha seo aige, go háirithe spotaí dearga nó corcra, faigh cabhair mhíochaine **go práinneach**. Murar féidir leat teagmháil a dhéanamh le do dhochtúir, nó má tá tú buartha fós tar éis comhairle a fháil, bíodh muinín agat as d'instinní agus tabhair do pháiste go dtí an rannóg éigeandála san ospidéal is cóngaraí duit.

Cá háit a bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Cuireann an Fhondúireacht Taighde Meiningítis agus an tIonataobhas Meiningítis araon eolas ar fáil maidir le meiningíteas.

Cuir glaoch ar líne chabhrach 24 uair saor in aisce an Fhondúireacht Taighde Meiningítis ar 080 8800 3344 nó tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin www.meningitis.org

Cuir glaoch ar an líne chabhrach 24 uair saor in aisce atá ag an tIonataobhas Meiningítis ar 0800 028 1828 nó tabhair cuairt ar an suíomh gréasáin www.meningitis-trust.org

Chomh maith leis sin, is féidir leat ceist a chur ar do dhochtúir, ar d'altra cleachtaidh nó ar d'altra ceantair le haghaidh comhairle.

Gnáthchlár imdhíonta na hóige

Aois le haghaidh imdhíonta	Na galair a gcosnaíonn an vacsaín orthu	Mar a thugtar í
2 mhí d'aois	Diftéire, teiteanas, triuch, polaimiailíteas agus Hib	Instealladh amháin
	Ionfhabhtú níúmacocúil	Instealladh amháin
3 mhí d'aois	Diftéire, teiteanas, triuch, polaimiailíteas agus Hib	Instealladh amháin

	Meiningíteas C	Instealladh amháin
4 mhí d'aois	Diftéire, teiteanas, triuch, polaimiaillíteas agus Hib Meiningíteas C Ionfhabhtú niúmacocúil	Instealladh amháin Instealladh amháin Instealladh amháin
Díreach tar éis bliain amháin a bheith slánaithe aige/aici	Bruitíneach, leicneach agus rubella Ionfhabhtú niúmacocúil Hib agus meiningíteas C	Instealladh amháin Instealladh amháin Instealladh amháin
3 go 5 bliana d'aois	Diftéire, teiteanas, triuch agus polaimiaillíteas Bruitíneach, leicneach agus rubella	Instealladh amháin Instealladh amháin
Cailíní idir 12 bhliain d'aois agus 13 bliana d'aois	Ailse cheirbheacs a bhfuil sineánómaivíreas daonna cineálacha 16 agus 18 mar chúis léi	Trí instealladh thar sé mhí
14 bliana d'aois go 18 mbliana d'aois	Teiteanas, diftéire agus polaimiaillíteas	Instealladh amháin

Mura bhfuair do pháiste aon cheann de na vacsaíní sin, ní bhíonn sé ró-dhéanach riamh í a fháil. Déan coinne le do dhochtúir ginearálta nó le d'altra ceantair.

Ma tá tuilleadh eolais uait maidir le himdhíonadh, tabhairt cuairt ar www.publichealth.hscni.net nó www.nhs.uk/planners/vaccinations



Public Health Agency, Ormeau Avenue Unit, 18 Ormeau Avenue, Belfast, BT2 8HS.
Fón: 028 9031 1611. Fóntéacs/Athsheachadán Téacs: 18001 028 9031 1611.
www.publichealth.hscni.net Ábhar Cóipchirt Chorónaigh arna táirgeadh le cead ón Rialaitheoir HMSO agus ó Chlóadóir na Banríona don Albain.